



### RABHADH

Ná déan dearmad an páipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar.  
Mura ndéanann tú é sin, caillfidh tú marcanna.



## Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2008

### EOLAÍOCHT – ARDLEIBHÉAL

(N.B. Ní d'iarrthóirí *Eolaíochta – Staidéar Áitiúil* é seo)

DÉARDAOIN, 12 MEITHEAMH – MAIDIN, 09.30 go 12.00

**ROINN A (144 marc) LE FREAGAI RT AG GACH IARRTHÓIR.**

(Féach bileog ar leith le haghaidh na **Ranna B, C, D agus E**.)

Freagair *gach* ceann de na ceisteanna 1, 2 agus 3. Tá **DEICH** gcuid i ngach ceist. Freagair **OCHT** gcuid ar bith díobh. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc. Freagair na ceisteanna sna spásanna atá ann dóibh. Cuir ar ais an roinn seo den scrúdpháipéar. Cuir isteach í sa fhreagarleabhar ina bhfreagraíonn tú na Ranna eile.

1. Freagair **ocht** **gcinn** díobh seo a leanas, (a), (b), (c), etc.


(a) Sa léaráid taispeántar colún coincréite.

Ríomh *dlús* an cholún má tá mais 8800 kg ann.

---

---

---



[Thall

- (b) Bhrúigh tiománaí na coscáin i ngluaisteán a bhí ag gluaiseacht agus stop sé tar éis 20 m. Ríomh an *obair a rinneadh chun an tiománaí a stopadh* más é an meánhórsa a d'fheidhmigh an crios sábhála air, le linn bhrú na gcoscán, ná 150 N.
- 
- 
- 



- (c) Sainmhínigh móiminteam.
- 
- 
- 



- (d) Mínigh an *difríocht* idir seoltóirí leictreacha agus inslitheoirí leictreacha.  
*Déan tagairt i do fhreagra do shruth leictreach.*

Seoltóirí \_\_\_\_\_

Inslitheoirí \_\_\_\_\_

- (e) Sa ghrianghraf taispeántar ‘Wavebob’ a athraíonn fuinneamh na dtónnta ina fhuinneamh leictreach amuigh ó chósta na Gaillimhe. D’fhéadfadh leagan lánscaíla 1 MW a soláthar.


Tabhair *buntáiste amháin* agus *míbhuntáiste amháin* a bhainfeadh, *b’fhéidir*, leis an modh seo chun leictreachas a ghiniúint.




Buntáiste \_\_\_\_\_

Míbhuntáiste \_\_\_\_\_

- (f) Sa léaráid taispeántar ga solais agus dromchla réidh á bhualadh aige.  
*Frithchaiteann* an dromchla an solas.  
Tarraing an *ga frithchaite* sa léaráid.  
Déanann lionsáí treo an tsolais a athrú i slí éagsúil.  
Cad a ghlaoitear ar *athrú* treo seo an tsolais?



- (g) Sa ghrianghraif taispeántar painéil ar dhíon tí in Eirinn, a théann uisce le fuinneamh an teasa ón ngrian. Conas a shroicteann *teas na gréine* an domhan? Mol foinse fuinnimh ‘*tacaíochta*’ chun an t-uisce a théamh i rith laethanta dorcha.




Conas? \_\_\_\_\_

Moladh \_\_\_\_\_


- (h) Cuir an lipéad ‘T’ ar *phol thuaidh* an bharra-mhaighnéid a thaispeántar sa léaráid agus línte réimse thart air. Tabhair *cúis* leis an rogha a dhéanann tú faoi shuíomh an phoil thuaidh.

Cúis \_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_



- (i) Sa léaráid taispeántar gaireas a úsáidtear chun tarchur fuaime a fhiosrú. I dtosach, chualathas clingireacht agus chonacthas an casúr agus an cloigín á bhualadh aige. Cuireadh *beart* i gcrích agus cé go bhfacthas an casúr agus an cloigín á bhualadh aige go fóill, níor chualathas clingireacht ar bith.  
Cén *beart* a cuireadh i gcrích?

Beart \_\_\_\_\_




Cad a deir an turgnamh seo linn faoin bhfuaim?  
\_\_\_\_\_

- (j) Cé *mhéad* tonn a thaispeántar sa léaráid?

Cé mhéad? \_\_\_\_\_

Ríomh *luas* na toinne seo más í an mhinicíocht atá aici ná 1 kHz.



$(8 \times 6)$


2. Freagair **ocht gcinn** díobh seo a leanas, (a), (b), (c), etc.

- (a) Ainmnigh an píosa gloine saotharlainne a thaispeántar sa léaráid.

Ainm \_\_\_\_\_

Tabhair úsáid a bhaintear as an bpíosa gloine seo in obair thurgnamhach sa tsaotharlann.

Úsáid \_\_\_\_\_




- (b) Sa léaráid taispeántar dóire Bunsen. Tá soláthar an gháis casta ar siúl go hiomlán agus tá poll an aeir ar oscailt go hiomlán.

Cén fáth a dtugann an socrú seo an lasair is teo?

\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_

Lipéadaigh go soiléir an chuid is teo den lasair sa léaráid.



- (c) Thomhas mac léinn an pH ag dhá shubstaint. Is é an pH a bhí ag sú líomóide ná 2.4 agus an pH ag amóinia tí ná 11.5. Cad a deir na tomhais seo linn faoin dá shubstaint, seachas a luachanna pH?

Sú líomóide \_\_\_\_\_

Amóinia tí \_\_\_\_\_

- (d) Tá an tsiomайл chontúirte a thaispeántar, ar shoitheach i saotharlann scoile. Cad a deir an *tsiomайл* linn faoin tsubstaint sa soitheach? Ainmnigh *substaint* a bheadh lipéadaithe sa tslí seo.

Cad é? \_\_\_\_\_ Ainm \_\_\_\_\_




- (e) Mínigh an téarma *creimeadh* nuair a luaitear é le miotail.

\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_

- (f) An leacht agus an solad a thaispeántar sa léaráid, imoibríonn siad le chéile agus táirgeann gás a dhéanann aoluisce bainníúil. Ainmnigh *leacht* agus *solad* a imoibríonn le chéile mar seo.

Leacht \_\_\_\_\_

Solad \_\_\_\_\_




- (g) Conas a dhéanfá sampla d'uisce crua a *tháistail* chun a fháil amach an raibh an cruas *neamhbhuan* nó *buan*?

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

- (h) Sa ghrianghraf taispeántar gás nádúrtha agus é ag dó ar iarta cócaireán tí. Is é atá sa ghás nádúrtha ná meatán agus an fhoirmle atá aige ná CH<sub>4</sub>. Comhlánaigh thíos an *chothromóid* do dhochán an mheatáin.



- (i) Tá uimhir adamhach a dó dhéag (12) ag maignéisiam. Cé mhéad *fithis (sceall)* d'adamh maignéisiam a bhfuil leictreoin iontu? Cé acu *peiriad* den tábla peiriadach a bhfuil maignéisiam ann?

Cé mhéad? \_\_\_\_\_ Cé acu peiriad? \_\_\_\_\_

- (j) Sa ghrianghraf taispeántar dalta agus turgnamh á dhéanamh aige i saotharlann scoile. Tabhair ***réamhchúram sábháilteachta amháin*** a ghlac sé.

Réamhchúram \_\_\_\_\_


Déan cur síos ar ***réamhchúram, nach dtaispeántar*** sa ghrianghraf, a ghlacfa nuair a dhéanfá ***substaint a théamh*** i bpromhadán i saotharlann scoile.



Réamhchúram \_\_\_\_\_

3. Freagair **ocht gcinn** díobh seo a leanas, (a), (b), (c), etc.

- (a) Tá an breac oiriúnaithe dá ghnáthóg.  
 [Is féidir leat orgánach eile a ainmníonn tú,  
 a roghnú chun an cheist seo a fhreagairt, más  
 mian leat.]



Tabhair *oiriúnú amháin* atá ag an orgánach atá roghnaithe agat.  
 Cad is gnáthóg ann?


Orgánach \_\_\_\_\_ Oiriúnú \_\_\_\_\_

Gnáthóg? \_\_\_\_\_

- (b) Léaráid d'fhiacail atá anseo. Ainmnigh an *chuid* lipéadaithe A.

Cuid A \_\_\_\_\_

Ainmnigh an cineál fiacaile a thaispeántar sa léaráid.



Ainm \_\_\_\_\_

- (c) Tá ainmhithe agus plandaí araon déanta as cealla. Ainmnigh *struchtúr* atá i bpáirt ag cealla ainmhithe agus plandaí araon.

Ainm an *struchtúr* i bpáirt \_\_\_\_\_


Ainmnigh *struchtúr* nach mbaineann *ach amháin* le cealla *plandai*.

Ainm \_\_\_\_\_

- (d) Sa léaráid taispeántar planda caisearbháin ina ionláine.

Lipéadaigh go soiléir *cuid* den phlanda ina *dtáirgtear* síolta agus bain úsáid as an litir 'S'.

Lipéadaigh go soiléir *cuid* den phlanda ina dtógtar *uisce* agus *mianraí* isteach sa phlanda agus bain úsáid as an litir 'U'.



- (e) Tabhair dhá shampla de *shaintréithe* is féidir a fháil le *hoidhreacht go bitheolaíoch* ónár dtuismitheoirí.

Sampla 1 \_\_\_\_\_

Sampla 2 \_\_\_\_\_

- (f) Déanann féileacáin agus feithidí eile pailin a scaipeadh. Cén fáth a bhfuil *scaipeadh na pailine* tábhachtach?

Cén fáth? \_\_\_\_\_

Tabhair slí **eile**, seachas le feithidí, trína scaptear pailin.

Slí \_\_\_\_\_



- (g) Cad is *fötatrópacht* ann?


---



---

- (h) Sa léaráid taispeántar sonra den struchtúr atá ar scamhóg an duine. Tá ailbheolais (aershaic) agus na ribeadáin fola a bhaineann leo, tarraigthe sa chuid fhórleathnaithe den léaráid. Déan cur síos ar cad a *tharláonn* idir an t-aer sna hailbheolais agus an fhuil sna ribeadáin.

Cur síos \_\_\_\_\_



- (i) Úsáidtear an cuadraí chun sampláil a dhéanamh ar phlandaí agus ar ainmhithe a bhfuil cónaí orthu i ggnáthóg.  
Tarraig *cuadraí* sa bhosca a thugtar.

Mínigh conas *sampla randamach* a thógáil agus cuadraí á úsáid agat.

---




---



---

- (j) Scaoileann an riospráid fuinneamh ón mbia i gcealla. Comhlánaigh an *chothromóid* do riospráid aeróbach glúcóis.



# Leathanach Bán